Déardaoin 15. Meán Fómhair 2022

P9_TA(2022)0323

Cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin agus lena ndaingnítear an ciste don soláthar coiteann ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an Ciste don Soláthar Coiteann le ráthaíochtaí ó na Ballstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin, arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201 (COM(2022)0557 – C9-0303/2022 – 2022/0281(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2023/C 125/27)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0557),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0303/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 14 Meán Fómhair 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2022)0281

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 15 Meán Fómhair 2022 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an ciste don soláthar coiteann le ráthaíochtaí ó Bhallstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/1628.)
